An Roinn Sláinte
Department of Health

# An Roinn Sláinte

## Tuarascáil Bhliantúil 2019

# Ábhar

**Réamhrá ón Aire Sláinte Stephen Donnelly** 1

**Brollach leis an Ard-Rúnaí Eatramhach** 2

**Forléargas** 3

Misean na Roinne 3
Ról na Roinne 3
Ráiteas Straitéise - Cuspóirí Straitéiseacha 4
Cuspóir Straitéiseach 1: Tacú le daoine chun saol sláintiúil agus neamhspleách a bheith acu 4
Cuspóir Straitéiseach 2: An seachadadh sláinte agus cúraim shóisialta ar ardchaighdeán agus sábháilte a chinntiú 9
Cuspóir Straitéiseach 3: Seirbhís sláinte agus cúraim shóisialta a chur i mbun feidhme atá níos freagraí, níos comhtháite agus dírithe níos mó ar an duine 13
Cuspóir Straitéiseach 4: Bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil na seirbhísí sláinte a chur chun cinn 19
Cuspóir Straitéiseach 5: Roinn ardfheidhmíochta a fhorbairt chun treoir a thabhairt don earnáil sláinte agus d'earnáil an chúraim shóisialta, agus maoirseacht a dhéanamh orthu 25

**Aguisín 1 Faisnéis Chorparáideach** 29

**Aguisín 2 Gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne** 33

**Aguisín 3 An Reachtaíocht** 34

**Aguisín 4 Foilseacháin na Roinne Sláinte** 37

# Réamhrá ón Aire Sláinte Stephen Donnelly

Gabhaim fáilte roimh fhoilseachán Thuarascáil Bhliantúil na Roinne don Bhliain 2019.

Rinneadh an-dul chun cinn ar fad i 2019 maidir le cur i bhfeidhm Sláintecare chun ár seirbhísí sláinte a sheachadadh agus a phleanáil don todhchaí. Rinneamar dul chun cinn maidir le pleanáil agus comh-dhearadh na limistéar sláinte réigiúnacha nua. Cuireadh Ciste Comhtháthaithe Sláintecare i mbun agus tá sé ag tacú le 122 tionscadal ar fud na tíre le € 20 milliún atá curtha ar fáil, agus earcaíodh 300 ball foirne breise dá bharr.

D'infheistigh mo Roinn go suntasach sa bhonneagar don chúram príomhúil in 2019, agus Ionaid Chúraim Phríomhúil nua-aimseartha atá dea-fheistithe agus a thacaíonn le seachadadh réimse níos leithne de sheirbhísí comhtháite cúraim phríomhúil maoinithe againn. Faoi dheireadh 2019, bhí 127 Ionad Cúraim Phríomhúil ag feidhmiú san iomlán, agus táthar ag súil le go mbeidh 11 cheann eile curtha i mbun feidhme i rith 2020.

Cuireadh an idirbheartaíocht le Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann chun críche go tairbhiúil in 2019. Cuideoidh an comhaontú ar ar thángthas maidir le pacáiste mór d’athchóirithe conarthacha Dochtúirí Teaghlaigh chun an tseirbhís sláinte a athrú agus a athchóiriú ar bhealach a rachaidh chun leasa othar agus liachleachtóirí ginearálta araon. Beidh infheistíocht de €210 milliún ag gabháil leis an gcomhaontú seo sna ceithre bliana atá amach romhainn agus tá maoiniú ann chun galair ainsealacha amhail an diaibéiteas agus galar scamhóige toirmeascach ainsealach a bhainistiú, agus rachaidh sé sin chun leasa os cionn 400,000 othar.

Lean an Roinn ar aghaidh leis an t-athchóiriú a chur chun cinn in earnáil na n-ospidéal géarmhíochaine, lena n-áirítear trí phríomhstraitéisí agus pholasaithe náisiúnta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026, an Straitéis Náisiúnta Máithreachais - Todhchaí Níos Fearr a Chruthú le Chéile 2016-2026 agus Córas Tráma d’Éirinn. Tá an Roinn Sláinte ag leanúint ar aghaidh ag obair ar aon dul le Sláintecare i dtreo cinnte a dhéanamh de go bhfaigheann gach uile othar an gcúram ceart oiriúnach, ag an am ceart agus san áit cheart. Tá cur i bhfeidhm na straitéisí tábhachtacha seo ríthábhachtach maidir leis sin.

Tá sábháilteacht an othair i gcroílár an obair a dhéanaimid sa Roinn Sláinte. In 2019, sheol mo Roinn seirbhís nua, an tSeirbhís Abhcóideachta d’Othair, lena bhfuil líne chabhrach rúnda saor in aisce curtha ar fáil d’othair agus abhcóidí ann a bhfuil taithí acu agus atá réidh le cabhrú chun faisnéis agus tacaíocht a thabhairt d’othair. Déanfar cinnte de, dá réir, go leanfar leis an tsábháilteacht othar a bheith i gcroílár ár seirbhíse sláinte.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag oifigigh na Roinne agus ag foireann an Aire in 2019, agus ina measc Simon Harris TD, an tAire Sláinte a bhí ann roimh dom a bheith i m’Aire; Finian McGrath, iar-Aire Stáit le freagracht speisialta as Míchumais; Catherine Byrne, iar-Aire Stáit um Chur Chun Cinn Sláinte agus an Straitéis Náisiúnta Drugaí; agus Jim Daly, iar-Aire Stáit le freagracht speisialta as Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta. Chuir gach duine acu go mór leis an éacht atá déanta sa Roinn le linn 2019.



Stephen Donnelly TD, an tAire Sláinte

# Brollach leis an Ard-Rúnaí Eatramhach

Bliain ghnóthach a bhí ann arís in 2019 sa Roinn Sláinte agus muid ag freastal ar shaoránaigh na hÉireann, ar an Aire Sláinte, ar na hAirí Stáit agus ar an Rialtas araon.

Anuas ar clár suntasach forbartha beartais, d'ullmhaigh an Roinn 49 Ionstraim Reachtúil agus dhéileáil sí le níos mó ná 12,300 Ceist Pharlaiminte agus 582 iarratas um Shaoráil Faisnéise. I measc aschur reachtaíochta na Roinne i mbliana, achtaíodh cúig mír den reachtaíocht phríomhúil, foilsíodh cúig bhille, agus rinneadh 50 Ionstraim Reachtúil a phróiseáil.

Rinneadh an obair seo taobh le taobh lenár n-iarrachtaí leanúnacha chun an tseirbhís sláinte agus cúraim shóisialta a athchóiriú trí Sláintecare, agus mar chuid de. Agus Plean Gníomhaíochta Sláintecare 2019 foilsithe bhí treochlár uaillmhianach don bhliain ar fáil. I measc na n-éachtaí suntasacha ann, áirítear seoladh an Chiste Comhtháthaithe Sláintecare de €20 milliún, agus os cionn 122 tionscadal maoinithe leis. Baineadh garsprioc mhór amach nuair a osclaíodh Ospidéil na Leanaí ag Conghaile, an chéad cheann de thrí shaoráid ospidéil leanaí nua atá le hoscail. I measc an dul chun cinn eile a rinneadh maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar, foilsíodh an Beartas um Fhorbairt Iarchéime agus Ardchleachtadh Altranais agus Cnáimhseachais, an tionscnamh ar ar bronnadh Gradam Barr-Fheabhais na Státseirbhíse faoin gcatagóir Tionchar don Saoránach agus an tSeirbhís do Chustaiméirí. Faoi dheireadh, rinne an Roinn Sláinte an gealltanas atá tugtha aici torthaí sláinte na mban a fheabhsú a athdhearbhú i Meán Fómhair 2019, tráth ar seoladh Tascfhórsa Sláinte na mBan mar tionscnamh uile-roinne chun iarracht a dhéanamh athrú suntasach a chur i gcrích.

Rinneadh an obair seo fad is a bhíothas ag tabhairt aghaidh leis an dúshlán suntasach a ghabhann le Brexit, dúshlán ar éirí ní ba shuntasaí de réir a chéile. Rinne an Roinn Sláinte dlúthobair i gcomhar le Roinn an Taoisigh, leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus le ranna Rialtais eile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin iomadúla atá gaolmhar le Brexit.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag oifigigh na Roinne lena n-áirítear an tUasal Jim Breslin, iar-Ard-Rúnaí na Roinne, agus buíochas a ghabháil leo, chomh maith, as an dianobair atá déanta acu agus as an ghairmiúlacht atá léirithe acu le linn 2019, bliain a bhí thar a bheith gnóthach agus dúshlánach.

Robert Watt
Ard-Rúnaí Eatramhach

# Forléargas

Sa tuarascáil bhliantúil seo don Roinn Sláinte, tá breac-chuntas le fáil ar na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh le linn 2019 chun ár Misean a chur i gcrích, chun ár ról a chomhlíonadh agus chun na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2016 - 2019 a bhaint amach. Cé gur dréachtaíodh an doiciméad seo in 2020, níor foilsíodh é go dtí 2021 mar gheall ar an gcomhthéacs ar leith a ghabhann leis an tréimhse ama sin; COVID-19 agus an fhreagairt éigeandála agus phráinneach um an tsláinte phoiblí a bhaineann leis nach mór don Roinn a thabhairt.

## Misean na Roinne

Is é misean na Roinne Sláinte ná sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a fheabhsú trí:

- dhaoine a choinneáil sláintiúil.
- an cúram sláinte a theastaíonn ón bpobal a sholáthar.
- seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil.
- an luach is fearr is féidir a fháil ó acmhainní an chórais sláinte.

## Ról na Roinne

Is é ról na Roinne Sláinte an cheannaireacht straitéiseach a sholáthar don tseirbhís sláinte agus a chinntiú go n-aistrítear beartais an Rialtais ina ngníomhartha agus go gcuirtear i bhfeidhm go héifeachtach iad. Tugaimid tacaíocht don Aire agus do na hAirí Stáit agus iad ag cur beartas an Rialtais i bhfeidhm agus ag comhlíonadh a gcuid dualgas rialtais, parlaiminte agus Roinne.

Áirítear leis an méid sin:

- treoir maidir leis an gceannaireacht agus an beartas a chur ar fáil don earnáil sláinte chun torthaí sláinte a fheabhsú
- na feidhmeanna a bhaineann leis an rialachas agus an maoirseacht feidhmíochta san FSS agus i ngníomhaireachtaí a neartú, agus seirbhísí cuntasacha agus ardchaighdeáin a chinntiú.
- béim ar an gcomhoibriú a chothú chun tosaíochtaí sláinte a bhaint amach agus chun cur le cuspóirí sóisialta agus eacnamaíocha níos leithne i gcoitinne.
- timpeallacht eagrúcháin ina mbaintear ardfheidhmíocht amach, a n-aithnítear an luach sa chomhoibriú agus ina ndéantar eolas agus scileanna na foirne a fhorbairt.

# Ráiteas Straitéise - Cuspóirí Straitéiseacha

Is iad na cúig chuspóir straitéiseacha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2016-2019:

1. Tacú le daoine chun saol sláintiúil agus neamhspleách a bheith acu.
2. An seachadadh sláinte agus cúraim shóisialta ar ardchaighdeán agus sábháilte a chinntiú.
3. Seirbhís sláinte agus cúraim shóisialta a chur i mbun feidhme atá níos freagraí, níos comhtháite agus dírithe níos mó ar an duine.
4. Bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil na seirbhísí sláinte a chur chun cinn.
5. Roinn ardfheidhmíochta a fhorbairt chun treoir a thabhairt don earnáil sláinte agus d'earnáil an chúraim shóisialta, maoirseacht a dhéanamh orthu.

Tá Ráiteas Straitéise 2016-2019 ar fáil ag seo: https://www.gov.ie/en/organisation-information/8df019-department-of-health-statement-of-strategy-2016-2019/

Sna codanna a thagann ina dhiaidh seo, tá na spriocanna atá bainte amach eagraithe faoi cheannteidil na gcuspóirí straitéiseacha.

# Cuspóir Straitéiseach 1: Tacú le daoine chun saol sláintiúil agus neamhspleách a bheith acu

Tá an Roinn Sláinte tiomanta dó feasacht ar na buntáistí a bhaineann leis an mbeatha shláintiúil agus tacú le hathruithe ar stíl mhaireachtála shláintiúil a chur chun cinn. Maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine chun saol sláintiúil agus neamhspleách a bheith acu, tá dul chun cinn déanta ag an Roinn Sláinte sna réimsí ag seo thíos le linn 2019:

- Dul chun cinn a bhaint amach i leith Éire na Sláinte.
- An scagadh cosanta sláinte agus an scagadh daonra a chur chun cinn.
- Ag tacú leis an maireachtáil neamhspleách.

**<u>Éire na Sláinte a Chur Ar Aghaidh</u>**

I measc na ngnéithe riachtanacha don straitéis dár gcuid Éire na Sláinte - an creat 'Uile-Rialtais' chun sláinte, folláine agus caighdeán beatha an phobail a fheabhsú, áirítear an cosc, an luath-idirghabháil, agus daoine a chumasú chun aire a thabhairt dá sláinte agus dá bhfolláine féin. In 2019, cuireadh na gnéithe seo a leanas den tionscnamh seo chun cinn.

- Seoladh Suirbhé bliantúil *Éire na Sláinte* i mí na Samhna. Fuarthas i dtuarascáil 2019 go raibh laghdú tagtha ar fhorleithne an chaithimh tobac, síos ó 23% in 2015 go dtí 17% in 2019; is ionann sin agus thart ar 165,000 níos lú daoine a chaitheann tobac ná mar a bhí cúig bliana ó shin. Bhí réimsí nua staidéir curtha leis an tsuirbhé, lena n-áirítear an coladh agus an chosaint roimh an ngrian.
- Reáchtáladh Feachtas Cumarsáide Éire na Sláinte i rith 2019. Bhí an feachtas ag iarraidh feasacht an phobail ar gov.ie/HealthyIreland a ardú mar an fhoinse phríomhúil chun faisnéise agus tacaíochtaí iontaofa a fháil chun roghanna sláintiúla a chur i aimsiú.
- Leithdháileadh an tríú babhta den mhaoiniú ó Chiste Éire na Sláinte in 2019. Leis an gCiste seo, cuireadh údaráis áitiúla ar a gcumas gníomhartha áitiúla a chur ar fáil i bpríomhréimsí an bheartais náisiúnta amhail an murtall, an ghníomhaíocht choirp, réim bia sláintiúil, an tsláinte ghnéis, an mheabhairshláinte agus an scor ón tobac, agus béim ar leith curtha ar phobail atá faoi mhíbhuntáiste.
- Lean grúpaí maoirseachta trasearnála leo ag cur an Bheartais agus an Phlean Gníomhaíochta um Murtall (OPAP), agus an Phlean Náisiúnta don Ghníomhaíocht Choirp (NPAP) i bhfeidhm.
- D'fhógair an tAire Sláinte agus an tAire Stáit don Straitéis Náisiúnta Drugaí cur chuige atreoraithe sláinte i leith an tseilbh drugaí le haghaidh úsáide pearsanta, i gcuideachta leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tháinig an cinneadh seo sna sála ar thuarascáil an Ghrúpa Oibre Chun Cur Chuige Malartach a Bhreith maidir le Seilbh Drugaí le haghaidh Úsáide Pearsanta. Tá grúpa atá faoi chathaoirleacht na Roinne Sláinte ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm céimnithe an chur chuige seo ina ndéanfar duine a bhfaightear drugaí ina sheilbh le haghaidh úsáide pearsanta a atreorú chuig an FSS le haghaidh scagthástáil sláinte agus idirghabháil ghasta.
- Chuir an tAire Sláinte an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi na dréacht-rialacháin faoin Acht Sláinte Poiblí (Alcól) 2018 ina bhfuil cosc curtha ar an gcur chun cinn alcóil bunaithe ar phraghas d'fhonn an ragús ólachán díobhálach a laghdú agus táirgí alcóil a dhéanamh níos deacra a fháil do dhaoine óga ó thaobh acmhainne de. Anuas air sin, i measc alt de chuid an Achta a rinneadh é ina dhlí in 2019, cuireadh toirmeasc ar an bhfógraíocht alcóil i bhfeithiclí seirbhíse poiblí nó ar fheithiclí seirbhíse poiblí, ar an mbonneagar iompair phoiblí agus laistigh de 200 méadar ó scoil, ó naíolann nó ó chlós súgartha de chuid údaráis áitiúil; cuireadh srian ar an bhfógraíocht alcóil i bpictiúrlanna; agus cuireadh toirmeasc ar éadaí leanaí an t-alcól a fhógairt.

- Roghnaíodh Éire mar an suíomh le haghaidh na Comhdhála um Beartas Alcóil Domhanda 2020.
- Foilsíodh an chéad tacar sonraí ar cé chomh suntasach is atá an cearrbhachais in Éirinn, ag féachaint do na bliana 2014 agus 2015. Tá bunlíne sonraí curtha ar fáil leis an suirbhé chun cabhrú leis an gceapadh beartais, leis an bpleanáil don todhchaí agus leis an ngníomhú i leith an chearrbhachais.
- Foilsíodh Smile agus Sláinte, an Beartas Náisiúnta um Shláinte Béil nua, i mí Aibreáin. Sa phlean seo, athraítear an cur chuige i leith na sláinte béil ón gcur chuige bunaithe ar an "diagnóisiú agus cóireáil" go cur chuige réamhghníomhach agus coisctheach atá dírithe ar an duine agus atá curtha ar fáil sa cheantar áitiúil, ar aon dul leis an bhfís atá leagtha amach i Sláintecare.
- Cuireadh maoiniú breise de €1 milliún ar fáil chun an Straitéis Náisiúnta Frith-Dhrugaí a chur i bhfeidhm, 'An 'Díobháil a Laghdú agus an Téarnamh a Thacú': freagra sláinte-bhunaithe ar an úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn, 2017-2025'. Leis an maoiniú breise, tabharfar aghaidh ar na tosaíochtaí atá leagtha amach sa straitéis lena n-áirítear an luath-fhreagra ar an laghdú díobhála, treochtaí atá ag teacht chun cinn maidir leis an mí-úsáid substaintí agus seirbhísí do ghrúpaí atá i mbaol a fheabhsú. Roghnaíodh ceithre cinn déag de thionscnaimh straitéiseacha drugaí agus alcóil le maoiniú ar feadh tréimhse 36 mí; D'aithin tascfhórsaí drugaí agus alcóil na tionscnaimh seo mar thosaíochtaí. Cuireadh maoiniú de €6m ar fáil do thascfhórsaí agus d'eagraíochtaí deonacha.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le saoráid insteallta thriallach faoi mhaoirseacht mhíochaine a bhunú i gcathair Bhaile Átha Cliath, i gcinneadh a rinne an Bord Pleanála cead pleanála a thabhairt don tsaoráid i gCé na gCeannaithe i mí na Nollag 2019. Leis an tSaoráid Insteallta faoi mhaoirsiú seo, tabharfar aghaidh ar an líon ard básanna i measc daoine a insteallaíonn drugaí i gcathair Bhaile Átha Cliath trí thacaíocht a thabhairt do dhaoine gan dídean agus d'úsáideoirí drugaí leochaileacha eile chun rochtain a fháil ar sheirbhísí cúraim sláinte agus trí theagmháil a dhéanamh leo.
- D'óstáil an Roinn an Fóram Náisiúnta um Drugaí i mí na Samhna, i gcomhar leis an mBord um Thaighde Sláinte; d'fhreastail breis is 200 toscaire ó sheirbhísí drugaí agus alcóil ó gach cearn den tír ar an bhfóram seo. Ba é téama an fhóraim ná 'Sláinte na hionchuimsithe: ag freagairt do riachtanais chasta sláinte na ndaoine a úsáideann drugaí'.
- Ag Cruinniú Mullaigh Chomhairle na Breataine-na hÉireann arna óstáil ag Rialtas na hÉireann i mí na Samhna, d'óstáil an tAire Sláinte agus an tAire Stáit le freagracht as an Straitéis Náisiúnta Frith-Dhrugaí cruinniú d'airí sláinte ó na hocht rialtas ar thionscnaimh sláinte agus sóisialta

chun dul i ngleic leis an mí-úsáid substaintí. Thug Airí cuairt freisin ar mhol na sláinte cuimsithe in Oirthuaisceart Lárchathair Bhaile Átha Cliath ina bhfuiltear ag athrú an tsoláthair seirbhísí sláinte do dhaoine atá ina gcónaí sa cheantar agus a úsáideann drugaí.

- Fuair an Roinn maoiniú breise de €1.7 milliún do sheirbhísí frith-dhrugaí agus alcóil sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) 2020, agus é dírithe ar sheirbhísí do mhná agus do leanaí ar bhealach ar leith.
- Tugadh an Scéim Ghinearálta don Bhille um Tháirgí Ionanálaithe Tobac Sláinte Poiblí agus Nicitín chun críche.

**An Chosaint Sláinte agus an Scagadh Daonra a Chur Ar Aghaidh**

Tá an Roinn Sláinte tiomanta do bheartas agus do chreataí oiriúnacha reachtaíochta a fhorbairt chun tacú le cosaint sláinte an phobail. I measc an dul chun cinn atá déanta in 2019, áirítear:

- Cuireadh fáilte roimh thuarascáil ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte ina ndeimhníodh gur tugadh isteach clár réamh-neamhchosanta roimh an bpróifiolacsas (PrEP) in 2019. Is éard atá i gceist leis an gclár PrEP ná úsáid réamhchoisctheach a bhaint as cógais frith-víreasacha chun ionfhabhtú VEID a chosc, laistigh de sheirbhís iomlánaíoch ina gcuimsítear an mhonatóireacht agus an tástáil rialta, chomh maith le comhairle agus comhairleoireacht ar conas an gnéas a chleachtadh go sábháilte. Cuireadh tús le Clár PrEP i mí na Samhna.
- Rinne an Taoiseach, an tAire Sláinte agus an tAire Stáit le freagracht as an gCur Chun Cinn Sláinte tionscnamh domhanda atá dírithe ar chosc agus cóireáil VEID a threisiú, agus an stiogma a bhaineann le VEID a laghdú. Rinneadh Lá Domhanda SEIF 2019 a cheiliúradh, agus rinneadh aitheantas don dul chun cinn suntasach atá déanta chun le dul i ngleic le VEID in Éirinn.
- Seoladh an chéad bheartas riamh maidir le cosain na hailse craicinn, agus gaireadh ar dhaoine *#CosainDoChraiceann* chun dul i ngleic leis an gcineál ailse is coitianta in Éirinn.
- Foilsíodh an tuarascáil An tSláinte in Éirinn - Príomhthreochtaí 2019, agus staitisticí ann ina léirítear go bhfuil saol níos faide agus níos sláintiúla ag muintir na hÉireann ná mar a bhí roimhe seo.
- I mí na Samhna, cuireadh an Coiste Comhairleach Náisiúnta um an Scagthástáil i mbun agus reáchtáladh a chéad chruinniú an mhí sin. Coiste comhairleach neamhspleách atá ann a

thabharfaidh comhairle don Aire agus don Roinn i dtaca le gach uile thogra nua le haghaidh clár scagtha daonra-bhunaithe agus gach aon leasúchán ar chláir atá ann cheana féin ar aon dul leis na caighdeáin a nglactar leis ar an mbonn idirnáisiúnta.

- Forbraíodh Páipéar Bán ar an Straitéis Náisiúnta um Leigheas Géanóim.
- Thóg an Grúpa Maoirseachta Feidhmithe um an Mhíochaine Shláinte Poiblí a athbhreithniú agus a athchóiriú a chuid oibre a thabhairt chun críche. Ullmhaíodh dréacht-mhúnla todhchaíochta agus cuireadh tús le céim a dó de.
- Críochnaíodh athbhreithniú inmheánach ar an reachtaíocht a ghabhann le galair thógálacha. Coimisiúnaíodh an Bord Taighde Sláinte (HRB) chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chuige idirnáisiúnta.
- Sheol an tAire Sláinte Comhghuaillíocht Vacsaín agus cuireadh tús le teagmháil i gcomhar le heagraíochtaí lárnacha, lena n-áirítear eagraíochtaí meán sóisialta.
- Tugadh vacsaín HPV isteach do bhuachaillí; tugadh vacsaín ACWY isteach do bhuachaillí agus do chailíní araon.
- Tugadh isteach Vacsaín Fliú cheathairfhiúsach.
- Fuarthas maoiniú, agus shínigh páirtithe ábhartha comhaontú óstála chun tacú leis an gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh.
- Foilsíodh an chéad Tuarascáil Faireachais Sláinte de chuid One Health in Éirinn i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Mara.

**<u>Ag Tacú Leis an Maireachtáil Neamhspleách</u>**

Is féidir difríocht shuntasach a bhaint amach do chaighdeán beatha an duine ach iad a chumasú chun maireachtáil go neamhspleách agus saol gníomhach a bheith acu ina bpobail féin, agus tacú leo, chuige sin, go háirithe trí dhaoine scothaosta nó iadsan atá faoi mhíchumas nó atá breoite a ligean barr a gcumas a bhaint amach. Tá an Roinn tiomanta chun tacú leis seo, agus ar na dul chun cinn atá déanta sa réimse seo in 2019 tá:

- Fuarthas maoiniú chun 10 gcomhairleoir néaltraithe breise a earcú in 2020.
- Rinneadh athbhreithniú idirnáisiúnta ar bheartas agus soláthar um an tacaíocht bhaile.
- Líonadh 100 post teiripe breise le haghaidh seirbhísí míchumais do Leanaí.

# Cuspóir Straitéiseach 2: An seachadadh sláinte agus cúraim shóisialta ar ardchaighdeán agus sábháilte a chinntiú

Caithfidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a bheith sábháilte agus ar ardchaighdeán araon. Tá breac-chuntas ar na forbairtí atá bainte amach in 2019 chun an cuspóir seo a bhaint amach léirithe faoi na ceannteidil ag seo thíos.

- Sábháilteacht othar agus an caighdeán feabhsaithe
- An Fhrithsheasmhacht In Aghaidh Ábhar Fhrithmhiocróbach agus Cosc agus Rialú Ionfhabhtaithe.
- An Rialáil.
- Brexit.

**<u>Sábháilteacht Othar agus an Caighdeán Feabhsaithe</u>**

Tá Sábháilteacht Othar mar bhonn agus taca leis an obair seachadta beartais agus seirbhíse go léir a dhéantar sa Roinn Sláinte. Tá an Roinn tiomanta dó go soláthrófar mórchlár athchóirithe sábháilteachta othar. Áirítear ar an dul chun cinn atá déanta in 2019 agus a bhaineann leis na hathchóirithe seo:

- Seirbhís Abhcóideachta Othar neamhspleách nua curtha i mbun in 2019. Leis an tseirbhís seo, tá líne chabhrach rúnda curtha ar fáil agus é lámhsaithe ag abhcóidí a bhfuil taithí acu ar láimh chun faisnéis agus tacaíocht a thabhairt d’othair ar mian leo gearán oifigiúil a dhéanamh leis an FSS faoin gcúram ar tugadh dóibh in ospidéal poiblí.
- Foilsíodh an Bille um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Sábháilteachta Othair Infhógartha), 2019. Leis an reachtaíocht seo, tá creat láidir atá cosanta don todhchaí le haghaidh ab nochta oscailte éigeantach leagtha síos. Tá liosta de theagmhais shonracha shábháilteachta othar sa Bhille a bheidh ag teacht faoi réir an nochta oscailte éigeantaigh; Cuimsíonn an Bille próiseas nua freisin trína n-ainmneoidh an tAire Sláinte teagmhais shábháilteachta othar eile nach mór iad a bheith nochta ar aon dul leis an nochtadh oscailte éigeantach. Éascófar an cumas chun foghlaim ó na teagmhais thromchúiseacha sábháilteachta othar seo agus tacú le feabhsuithe ar fud na seirbhíse sláinte ar an mbonn náisiúnta mar gheall ar an reachtaíocht seo, ionas go mbeifear in ann an dochar d’othair eile a chosc.
- Cheap an tAire Cathaoirleach ar an gComhairle Chomhairleach Neamhspleách um Shábháilteacht Othar.
- Foilsíodh tuarascáil 2019 an Chórais Náisiúnta um Thuairisciú Cáilíochta Sláinte.

- Bhí caidreamh suntasach ann idir an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar, an tÚdarás Faisnéise Sláinte agus Cáilíochta (HIQA) agus an FSS maidir le forbairt agus leathnú amach an Chláir Náisiúnta um Eispéireas Cúraim. Tugadh an tríú timthriall den Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaithe chun críche.
- Bunaíodh Tascfhórsa um Shláinte na mBan, faoi stiúir Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte agus Ard-Stiúrthóir Institiúid Eorpach um Shláinte na mBan, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn. Déanfaidh an Tascfhórsa scrúdú ar raon leathan saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar thorthaí sláinte mhná na hÉireann agus forbróidh sé gníomhaíochtaí ar bhonn céimnithe, agus ord tosaíochta ag gabháil leo.
- Sheol an tAire Sláinte Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta nua ar fhorordú iomchuí cógais síceatrópacha le haghaidh daoine a bhfuil néaltrú orthu agus a thaispeánann comharthaí neamh-chognaíoch. Tá an cáilíocht dearbhaithe ag an gCoiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil (NCEC).
- Rinneadh dul chun cinn maith chun an Conaire Cúraim Tacaithe a rolladh amach, príomh-mholadh sa Straitéis Náisiúnta Máithreachais; Déantar 10-30% de mhná a bhainistiú ar an leis an gConaire seo anois. I measc réimsí eile a raibh dul chun cinn áirithe déanta ina leith sa Straitéis bhí:
    - forbairt threoirlíne an Choiste Náisiúnta um an Éifeachtacht Chliniciúil (NCEC) maidir leis an mbaol le linn toirchis atá beartaithe le bheith foilsithe go luath in 2020; agus
    - forbairt an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéireas an Mháithreachais le bheith curtha amach i mí Feabhra 2020.
- Cuireadh tús le feidhm Iniúchta Cliniciúil Náisiúnta an NCEC i mí Dheireadh Fómhair 2019.
- Cuireadh tuarascáil bhliantúil an NCEC, 2018 faoi bhráid an Aire agus rinneadh í a fhoilsiú.
- Foilsíodh lámhleabhar athbhreithnithe NCEC d'fhorbróirí treoirlínte.
- Seoladh dhá Threoirlínte Cliniciúla Náisiúnta nua chun cabhrú le gairmithe cúram sláinte leis an diagnóisiú, céimniú agus cóireáil othair a bhfuil ailse éasafagais nó ailse acomhail éasafagais orthu; chomh maith le diagnóisiú agus céimniú othair a bhfuil ailse ubhagáin orthu. D'fhorbair grúpaí ildisciplíneacha na treoirlínte le tacaíocht ó Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse an FSS (NCCP).
- Bunaíodh Grúpa Forfheidhmithe an FSS um an Scaoileadh Moillithe. D'aithin an tAthbhreithniú Neamhspleách Saineolaithe um an Scaoileadh Moillithe go bhfuil an iliomad tosca ann is cúis leis an scaoileadh amach moillithe agus leis an aistriú cúraim moillithe, agus bhí naoi moladh

déanta ann lena n-áirítear beartas náisiúnta a fhorbairt chun foráil a dhéanamh do chur chuige níos comhsheasmhaí maidir le taifeadadh an scaoilte mhoillithe, an bailiú sonraí a neartú, sainmhínithe a chaighdeánú agus treoirlínte comhsheasmhacha maidir leith an scaoileadh a dheimhniú.

- I mí an Mhárta 2019, rinneadh téarmaí na Scéime ex-gratia neamh-nochtaithe CervicalCheck a fhormheas, agus ceapadh Cathaoirleach ar an bPainéil um Measúnú Neamhspleách don Scéim ex-gratia neamh-nochtaithe CervicalCheck. Tá an Scéim saincheaptha chun rogha malartach, neamh-naimhdeach agus duine-lárnach a sholáthar do mhná a bhfuil tionchar ag an saincheist neamhnochta maidir le CervicalCheck orthu.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le cur i bhfeidhm moltaí Fhiosrúchán Scópála an Dr Gabriel Scally i leith CervicalCheck, agus bhí 137 gníomh as 170 cinn, san iomlán, curtha i gcrích faoi dheireadh 2019.
- Foilsíodh Tuarascáil Athbhreithniú an Phainéil Saineolaithe Neamhspleách ar Scagadh Ceirbheacs i mí na Nollag agus tháinig sí ar an gconclúid gur shábháil an clár CervicalCheck saol cuid mhór díobh siúd a ghlac páirt san Athbhreithniú, go bhfuil an clár ag obair go héifeachtach agus gur féidir le mná muinín a bheith acu as an gclár.
- Forbraíodh an Acht um Bhinse CervicalCheck, agus tugadh tacaíocht dó, chun rith tríd an Oireachtas; achtaíodh é i mí Iúil.
- Críochnaíodh obair an Ghrúpa Saineolaithe ar athbhreithniú ar dhlí tort agus ar bhainistíocht na n-éileamh faillí cliniciúil - cuireadh an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire i mí na Nollag.

**An Fhrithsheasmhacht In Aghaidh Ábhar Fhrithmhiocróbach agus Cosc agus Rialú Ionfhabhtaithe**

Rinneadh an dul chun cinn ag seo a leanas in 2019 chun dul i ngleic leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhar fhrithmhiocróbach.

- Leithdháileadh €6.7 milliún don fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar fhrithmhiocróbach agus ar bhearta coiscthe agus rialaithe ionfhabhtaithe in ospidéil ghéarmhíochaine agus in ionaid chúraim phobail in 2019.
- Lean an Roinn Sláinte ar aghaidh ag cur Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir leis an bhFrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Fhrithmhiocróbach 2017-2020, ar a dtugtar iNAP, i gcomhréir leis an gcur chuige tras-rialtais 'One Health' chun dul i ngleic leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach.

- Rinne an Roinn Sláinte an chéad Chuairt Tíre One Health de chuid an Choimisiúin Eorpaigh / an Ionaid Eorpach um Chosc agus Rialú Galar (ECDC) a chomhóstáil leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ócáid cúig-lá a bhí ann, a bhí ar siúl ón 7 go dtí an 11 Deireadh Fómhair 2019, agus bhí cuir i láthair ann, chomh maith le cruinnithe le páirtithe leasmhara agus cuairteanna spriocdhírithe ar láithreáin ar fud na suíomhanna cúram sláinte éagsúla.

**An Rialáil**

Tuigeann an Roinn Sláinte an tábhacht a bhaineann leis an rialáil láidir sa soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar ardchaighdeán agus sábháilte. I measc an dul chun cinn atá déanta in 2019, áirítear:

- Achtú an Achta um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Leasú) 2019 (chun an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 a leasú ionas go ndéanfaí foráil dó go bhfuil an bonn dlíthiúil ag bord clárúcháin chun / go nglacfaidh sé le cinneadh maidir le cáilíochtaí eachtracha arna nglacadh roimhe sin ag an Stát).
- Shínigh an tAire Sláinte Ionstraim Reachtúil a thugann éifeacht don Treoir um Chaighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta i mí Eanáir.
- In 2019, phróiseáil an Roinn Sláinte 34 mhír reachtaíochta bia agus 6 Ionstraim Reachtúil bia.
- Foilseachán an Bhille um Ghairmithe Rialáilte (Sláinte agus Cúram Sóisialta) (Leasú) 2019 (5 ghníomh rialála a leasú, os cionn 180 alt), agus é a bheith rite sa Dáil agus curtha ar aghaidh go dtí an Seanad freisin.
- I mí an Mhárta, osclaíodh Clár na nEolaithe Leighis.
- I mí Feabhra, ceapadh comhaltaí an Bhoird Clárúcháin Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí, agus tionóladh an chéad chruinniú de i mí na Bealtaine.

**Brexit**

In 2019, mhéadaigh an Roinn Sláinte, mar aitheantas ar na rioscaí suntasacha a bhain Brexit d’earnáil sláinte na hÉireann, an méid a bhí á phleanáil aici do Brexit gan margadh, chun cosaint shláinte an phobail, an leanúnachas ó thaobh an tsoláthair seirbhísí sláinte agus cothabháil na seirbhísí atá ann cheana a chinntiú.

- Bhunaigh an Roinn struchtúir thiomnaithe chun ullmhú an oiread is gur féidir don tionchar a bheadh ag Brexit ‘gan margadh’ mar chuid d’iarracht iomlán an Rialtais, agus tacaíocht iomlán faighte againn chun na críche sin ó Fheidhmeannas na Seirbhísí Sláinte (FSS), ón Údarás Rialála

Táirgí Sláinte (HPRA), ó Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) agus ó ghníomhaireachtaí eile chomh maith.

- Thacaigh an Roinn chomh maith leis an obair leanúnach atá á déanamh faoi stiúir Roinn an Taoisigh agus na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun a dheimhniú go mbeidh an aistarraingt 'ordúil' nuair a fhágann an RA an AE tar éis Brexit.
- D'infheistigh an Roinn maoiniú suntasach ina cuid pleananna teagmhasacha le haghaidh Brexit in 2019 chun foireann agus acmhainní breise a fháil don earnáil sláinte.
- Chuaigh an Roinn i mbun cainteanna leis an RA maidir leis an gComhlimistéar Taistil, agus é mar aidhm leanúnachas na seirbhíse sláinte Trasteorann a choinneáil agus tionchar Brexit a mhaolú.

# Cuspóir Straitéiseach 3: Seirbhís sláinte agus cúraim shóisialta a chur i mbun feidhme atá níos freagraí, níos comhtháite agus dírithe níos mó ar an duine

Is é an Roinn Sláinte a thugann ceannaireacht don earnáil sláinte agus chúraim shóisialta chun a chinntiú go ndéantar seirbhísí a cruthú de réir na riachtanais atá ag muintir na hÉireann ar fad, agus ar bhealach a bhfreagraítear ar na riachtanais sin. Tá na spriocanna atá bainte amach faoin gcuspóir seo leagtha amach faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Tionscnaimh tras-earnála sláinte.
- An Cúram Príomhúil.
- Sláintecare.
- An cúram sóisialta / meabhairshláinte.
- An Géarchúram:
- An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna.

**<u>Tionscnaimh tras-earnáil na sláinte</u>**

Tá an Roinn Sláinte tiomanta do thionscnaimh tras-earnála sláinte lena gcinnteofar go bhforbrófar samhail cúraim atá níos comhtháite agus níos leanúnaí, dírithe ar an duine, agus a bheidh curtha ar fáil ag an leibhéal is ísle castachta atá comhsheasmhach le sábháilteacht othar. I measc an dul chun cinn atá déanta in 2019, áirítear:

- Bunaíodh an Coiste Comhairleach Othar Ailse, de réir Mholadh 39 den Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026. Soláthraíonn an Coiste ionchur ó na hothair maidir le maoirseacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus maidir le forbairt cláir d'othair a bhfuil ailse orthu. Déanann an

Coiste machnamh freisin ar conas is féidir ionchur othar i seirbhísí ailse a éascú ar bhonn níos leithne de réir chuspóirí na Straitéise Náisiúnta Ailse.

- Bhí caidreamh leanúnach againn i rith 2019 leis an AE / Comhpháirtíocht Nuálaíoch um Ghníomhaíocht in aghaidh Ailse, lena n-áirítear cruinniú arna óstáil i mBaile Átha Cliath.
- De bhun an Achta Sláinte (Foirceannadh Toircheas a Rialáil) 2018, cuireadh tús le seirbhísí sábháilte ar ardchaighdeán chun an toircheas a fhoirceannadh an 1 Eanáir 2019 i suíomh ospidéil agus i suímh phobail araon. Ceapadh Ceannaire Cliniciúil san FSS le haghaidh seirbhísí um Fhoirceannadh Toirchis chun ceannaireacht a thabhairt maidir le cur chun feidhme leanúnach seirbhísí inrochtana atá fianaise-bhunaithe agus a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe, do dhaoine a dteastaíonn an foirceannadh toirchis uathu.
- Tugadh rialacháin chun críche a ghabhann leis an Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh.
- Fuair an Roinn Sláinte maoiniú de €2.7 milliún le haghaidh bearta formheasta a bhaineann leis an tsláinte faoin bPlean Gníomhaíochta um Chuntais Díomhaoine. I measc na mbeart arna maoiniú lies, tá clár oiliúna cúram sláinte príomhúil don Lucht Romach, tionscnaimh mheabhairshláinte do dhaoine den Lucht Siúil agus tionscadal cúram sláinte idirchultúrtha do dhídeanaithe.
- D'fhorbair grúpa tras-Roinne cathaoirleacht an Aonaid Bhitheitice samhail cúraim do infertility agus bhí Clár Sláinte Náisiúnta na mBan agus na Naíonán FSS páirteach ann.
- Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Rochtain ar an Fhrithghiniúint. Bhreithnigh an Grúpa na saincheisteanna beartais, rialála agus reachtacha a bhaineann le rochtain fheabhsaithe ar fhrithghiniúint, tar éis mholadh an Chomhchoiste um an Ochtú Leasú.
- Rinneadh an chéad Phlean Oiriúnaithe um an Athrú Aeráide don earnáil sláinte (2019-2024) a sheoladh. D'fhorbair comhfhoireann oifigigh agus dochtúirí FSS an plean tar éis comhairliúcháin phoiblí. D'aithin an plean sé phríomhchás aeráide leis na himpleachtaí sláinte is doimhne.
- Seoladh an Clár Rochtana ar Channabas Leighis i mí an Mheithimh lena gcumasaítear rochtain atruach ar channabas ar chúiseanna míochaine ar bhonn píolótach ar feadh cúig bliana. Éascóidh an Clár rochtain ar tháirgí cannabais-bhunaithe le haghaidh úsáide míochaine de réir na reachtaíochta.
- I measc na n-airleacan a rinneadh ar Athchóiriú Struchtúir na Seirbhíse Sláinte, foilsíodh Athbhreithniú Fianaise an Bhoird Taighde Sláinte; tugadh faoi Idirphlé Bheartais Réadlann na

hEorpa; agus tugadh faoi chruinnithe fóraim sláinte na hAlban-Éireann a bhí dírithe ar struchtúir chomhtháite.

- Mar fhreagairt ar na moltaí atá sa Chéad Tuarascáil den Fhóram Comhoibritheach d'iar-chónaitheoirí na nÁras Máithreacha agus Naíonán, bhunaigh an Roinn Sláinte Grúpa Oibre Idir-Rannach chun tograí a fhorbairt le haghaidh pacáiste de thacaíochtaí sláinte agus folláine do na hiar-chónaitheoirí. Foilsíodh tuarascáil deiridh an ghrúpa, agus moltaí curtha inti, i mí na Nollag 2019 agus fógraíodh foráil do phacáiste de thacaíochtaí sláinte agus folláine do na hiar-Chónaitheoirí freisin.

- Tháinig na hathruithe seo a leanas i bhfeidhm i mí Aibreáin chun níos mó daoine a chur ar a gcumas rochtain a fháil ar chúram sláinte inacmhainne:
    - Laghdú €10 ar thairseach míosúil na Scéime Íocaíochta Drugaí, síos ó €134 go dtí €124;
    - Méadú 10% ar na tairsí ioncaim seachtainiúil uile le haghaidh Cárta Cuairte Dochtúirí Teaghlaigh; agus
    - laghdú ar tháillí oideas síos ó €2 go dtí €1.50 le haghaidh gach uile shealbhóir cárta leighis os cionn 70 bliain d'aois.

**<u>An Cúram Príomhúil</u>**

Dheimhnigh an Clár um Rialtas Comhpháirtíochta tiomantas an Rialtais chun athrú cinnte a dhéanamh i dtreo an chúraim phríomhúil ionas gur féidir linn cúram níos cuimsithí a sholáthar do dhaoine laistigh dá bpobail áitiúil féin. I measc an dul chun cinn atá déanta i dtaca leis na cuspóirí seo in 2019, áirítear:

- Bhí 129 Ionad Cúraim Phríomhúil ag feidhmiú timpeall na tíre ag deireadh 2019.
- Cuireadh €3m den mhaoiniú breise ar fáil chun tacú leis an aistriú chuig samhail Líonra Cúram Sláinte Pobail trí naoi suíomh foghlama a fhorbairt agus a rolladh amach ar fud na tíre sa cheathrú ráithe.
- Cuireadh an idirbheartaíocht le Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann chun críche go tairbhiúil in 2019 agus rinneadh comhaontú maidir le pacáiste d'athchóirithe conartha dochtúirí teaghlaigh. Beidh infheistíocht de €210 milliún do dhochtúirí ginearálta ag gabháil leis an gcomhaontú seo sna ceithre bliana atá amach romhainn. Beidh maoiniú chun galair ainsealacha amhail diaibéiteas agus galar scamhóige toirmeascach ainsealach a bhainistiú áirithe sa tsuim sin, agus rachaidh sé chun leasa níos mó ná 400,000 othar.

**Sláintecare**

Le Sláintecare, cuimsítear fís an Rialtais maidir le hathchóiriú na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Le Sláintecare, déanfar cinnte go mbeidh rochtain uilíoch ann ar an gcúram ceart, ag an am ceart, agus san áit cheart. I measc an dul chun cinn atá déanta in 2019, áirítear:

- Fógraíodh Ciste Comhtháthaithe €20m le Sláintecare. D'éirigh le breis 122 tionscadal as an líon de 477 cinn ó gach cearn den tír a chuir isteach ar an maoiniú.
- Bhí an cur chuige i leith Sláintecare agus garspriocanna le baint amach leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta Sláintecare 2019 ar foilsíodh é i mí an Mhárta. Is cumasóir bunúsach é an Plean Gníomhaíochta i seachadadh fhís Sláintecare do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta athchóirithe in Éirinn.
- Moladh sé limistéar sláinte réigiúnacha nua a chur i mbun, bunaithe ar shonraí daonra atá le fáil. Nuair a bheidh siad bunaithe, cuirfear ar chumas na sé chomhlacht réigiúnacha seo an cúram comhtháite a phleanáil, a mhaoiniú, a bhainistiú agus a sheachadadh do dhaoine ina limistéar feidhme.

**An Cúram Sóisialta / Meabhairshláinte**

Tá an Roinn Sláinte tiomanta go gcuirfear leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, ag cur ar chumas daoine leas a bhaint as seirbhísí cúraim shóisialta agus sláinte meabhrach níos freagraí, níos aonair a chabhróidh leo maireachtáil níos fearr agus níos neamhspleáiche laistigh dá bpobail féin. I measc na mbeart a glacadh in 2019, áirítear:

- Sheol an Taoiseach, an tAire Sláinte agus an tAire Stáit le freagracht as Meabhairshláinte an Líne Faisnéise don Mheabhairshláinte, líne teileafóin faisnéise tiomnaithe agus rúnda 24/7 nua don mheabhairshláinte. Tá an líne faisnéise mar chuid den tionscadal foriomlán Tacaíochtaí Meabhairshláinte Digiteacha a bhfuil sé mar aidhm aige inrochtaineacht ar thacaíochtaí sláinte meabhrach a fheabhsú leis an teicneolaíocht.
- Fógraíodh ciste de €3 mhilliún chun tacú le tionscnaimh mheabhairshláinte phobail ar fud na tíre. Tacóidh an ciste seo le heagraíochtaí spóirt agus pobail áitiúla a chuireann an mheabhairshláinte chun cinn agus a laghdaíonn fadhbanna uaignis.
- Fógraíodh go bhfuiltear chun láithreáin nua Jigsaw a chur i mbun i gCill Mhantáin agus i gTiobraid Árann, lena gcuirfear le seirbhísí meabhairshláinte sna contaetha sin. Is éard atá i gceist le Jigsaw ná líonra clár atá ar siúl ar fud na hÉireann atá saincheaptha chun tacú le daoine

óga, atá bunaithe ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus atá ailínithe le Fís don Athrú. Nuair a chuirtear na láithreáin nua san áireamh, 15 láithreán Jigsaw atá ann, san iomlán, ar fud na tíre.

- D'fhógair an tAire Stáit do Dhaoine Scothaosta rochtain fheabhsaithe ar Thacaí Baile.
- Rinneadh Scéim Ghinearálta de Bhille a fhormheas a raibh sé mar aidhm aige cóireáil feirmeacha teaghlaigh agus gnólachtaí a athrú faoin Scéim Tacaíochta um Thithe Altranais. Cuireann na daoine a úsáideann an scéim suas le 80% dá n-ioncam agus suas le 7.5% de luach aon sócmhainní a choinnítear i dtreo a gcostas cúraim. Ní chuirtear luach teach an duine san áireamh sa mheasúnú airgeadais ach don chéad trí bliana dá thréimhse dó a bheith ag fáil cúraim. Leis an reachtaíocht seo, sínfear amach an teorainn 3 bliana seo chun feirmeacha agus gnóthais a áireamh ina leanann comharba teaghlaigh ar aghaidh ag oibriú na feirme nó an ghnó ar feadh sé bliana.
- Fuarthas sa dara tuarascáil ar Tháscairí um an Aosú Dearfach in Éirinn go bhfuil daoine scothaosta fós sásta go leor leis an saol agus leis an leibhéal nascacht shóisialta atá acu, agus gur ábhar imní é an leibhéal cógais a dtugtar dóibh. Aithníodh den chéad uair príomhtháscairí do dhaoine scothaosta de gur daoine den Lucht Siúil nó gur daoine faoi mhíchumas intleachta iad.
- Seoladh Scéim Deontais Tacaíochta Pobail agus Deonach nua do Dhaoine Scothaosta agus cuireadh maoiniú breise €1 milliún ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha chun leanúint ar aghaidh ag tacú le daoine scothaosta, cúramóirí teaghlaigh agus daoine suntasacha eile chun fanacht slán sláintiúil agus chun na naisc atá acu leis an bpobal sa cheantar áitiúil a choimeád.
- Sheol an tAire do Dhaoine Scothaosta an Ráiteas Comhpháirtíochta Roghanna Tithíochta le haghaidh ár nDaonra Aosaithe i gcomhpháirtíocht leis an Aire Stáit le freagracht as Tithíocht agus Forbairt Uirbeach. Tá an gealltanas láidir atá tugtha ag an Rialtas do bheartais a thacaíonn le daoine scothaosta chun maireachtáil ina dtithe agus ina bpobail féin le dínit agus le neamhspleáchas chomh fada agus is féidir athdheimhnithe sa Ráiteas.
- Cheadaigh an Coiste Comh-Aireachta dréacht deiridh de bheartas athnuachana Fís don Athrú.
- Cheadaigh an Coiste Comh-Aireachta togra ón Roinn Sláinte chun Nascadh don Saol a leathnú go 2024.
- Cuireadh clár píolótach um theile-chomhairleoireacht agus teile-síciatracht ar aghaidh.

**An Géarchúram**

Tá an Roinn Sláinte freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh cúraim in ospidéil ghéarmhíochaine agus spreagann sí athchóiriú trí phríomhstraitéisí agus bheartais náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. I measc na ngnóthachtálacha in 2019, tá:

- Ceapadh Ceannaire Cliniciúil Náisiúnta FSS do Sheirbhísí Tráma i mí an Mheithimh. Leis an gceapachán seo, ceann de na gníomhartha a bhfuil tosaíocht tugtha dó láithreach bonn ar tugadh in 'Córas Tráma d'Éirinn', tá bunús riachtanach curtha ar fáil chun an córas sin a chur i bhfeidhm, agus tugadh isteach an prótacal seachbhóthar tráma agus ortaipéideach d'Ospidéal an Náis.
- D'éirigh le Children's Health Ireland Rannóg na nOthar Seachtrach Péidiatraice agus an tIonad Cúraim Práinne a oscailt ag Ospidéal Uí Chonghaile ar bhonn céimnithe an 31 Iúil 2019. Sin garsprioc ollmhór do chlár ospidéal na leanaí mar an chéad cheann de na háiseanna nua atá le húsáid, lena seachadrófar seirbhísí péidiatraiceacha d'othair sheachtracha chomh maith leis an gcúram práinneach.
- Cuireadh tús le hoibreacha cumasaithe don Ospidéal Náisiúnta Máithreachais nua, lena mbaineann tógáil cógaisíochta agus síneadh carrchlóis nua, ag Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann.
- Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm na Straitéise Máithreachais. Ag an leibhéal áitiúil, tugadh faoi roinnt tionscnamh chun an Conair *Cúraim Tacaithe* a chur chun cinn; Déantar 10% - 35% de mhná a bhainistiú ar an gcosán seo anois.
- Cuireadh Conairí cúraim do mhná a bhfuil riachtanais láithreacha acu a bhaineann le mogalra chun cinn, trí chomhoibriú le hOifig an CMO agus le Clár Náisiúnta Mná agus Naíonán an FSS.
- Rinne an tAire Sláinte an Clár um Lárnú Máinliacht Ailse, atá le tabhairt chun críche laistigh de thrí bliana, a fhormheas.
- Cuireadh cóireáil ar níos mó ná 200 othar as Poblacht na hÉireann in Ionad Ailse an Iarthuaiscirt ag Allt Mhic Dhuibhleacháin in 2019.
- Foilsíodh an Plean Rochtana um Chúram Sceidealta i Márta 2019.
- Fuarthas €26m den mhaoiniú breise do Phlean an Gheimhridh 2019/20.
- D'fhorbair an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (NTPF) an Córas Bainistíochta Rochtana Othar (PAMS) mar réiteach uathoibrithe foinse aonair chun próiseas coimisiúnaithe an NTPF a bhainistiú.

- Seoladh athbhreithniú beartais ar na hAonaid Cóireála Ionsaithe Gnéis (SATUnna) le tiomantas na moltaí a mhaoiniú. Soláthraíonn na sé SATU cúram míochaine agus síceolaíoch 24/7 d'íospartaigh ionsaí gnéis, 365 lá sa bhliain, ag obair i ndlúthchomhar leis na hIonaid Ghéarchéime Éignithe agus leis an nGarda Síochána.

**An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna**

Tá an Roinn Sláinte tiomanta do sheirbhís cúraim éigeandála agus idirmheánaigh sábháilte agus sofhreagrach a sholáthar. I measc an dul chun cinn atá déanta in 2019, áirítear:

- Thosaigh Seirbhís Leighis Éigeandála Héileacaptar (HEMS) maoinithe go carthanach ag feidhmiú i gCúige Mumhan i mí Iúil, i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Otharchairr Náisiúnta FSS (NAS).
- Leathnaíodh an Mol Cliniciúil ag an Ionad Náisiúnta Oibríochtaí Éigeandála (NEOC) chun líne teileafóin faisnéise poiblí a sholáthar faoi na tacaíochtaí sláinte meabhrach atá ar fáil - chuaigh na seirbhísí beo i mí Dheireadh Fómhair 2019;
- Cuireadh Taifead leictreonach Cúraim Othar NAS i bhfeidhm go náisiúnta in 2019;
- Leanann an Scéim um Chéad Fhreagróirí Pobail ag leathnú, agus 266 scéim san iomlán i bhfeidhm amhail ag deireadh mhí na Nollag 2019 a chlúdaíonn na 26 chontae go léir;
- Tá treoirthionscadal rathúil chun samhail nua cúraim paraimhíochaine pobail a sholáthar i gcontaetha teorann á leathnú go Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach in 2020; in 2019 níor theastaigh ó 86% d'othair a chonaic Paraimhíochaineoir Pobail freastal ar Roinn Éigeandála.
- Bhronn Coláiste NAS agus COC an chéad Dioplóma i sa Phairimhíochaine agus cuireadh tús le cúrsa paraimhíochaine BSc i gcoláiste NAS i mí Mheán Fómhair.
- Cuireadh Seirbhís Aisghabhála Cúraim Chriticiúil an NAS i mbun.

## Cuspóir Straitéiseach 4: Bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil na seirbhísí sláinte a chur chun cinn

Déanann an Roinn maoirseacht ar raon tionscnamh ar leibhéal an chórais atá mar bhunús le seirbhísí níos fearr, níos comhtháite agus níos éifeachtaí. Tugtar breac-chuntas ar ghnóthachtálacha 2019 faoin gcuspóir seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- An fheidhmíocht, an chuntasacht, struchtúir agus an rialachas.
- An phleanáil um an meascán den soláthar foirne agus scileanna.

- r-Shláinte.
- Áiseanna sláinte a nuachóiriú (tionscadail chaipitil, i gcomhar leis an FSS).
- Samhlaí maoinithe.
- Ról an árachais shláinte phríobháidigh.
- Costais cógaisíochta.

**An Fheidhmíocht, an Chuntasacht, Struchtúir agus an Rialachas**

Baineann ceann de phríomhfheidhmeanna na Roinne Sláinte le rialachas na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus an chuntasacht a chinntiú. In 2019, baineadh an dul chun cinn seo a leanas:

- Lean an Roinn ar aghaidh ag soláthar na maoirseachta ar fheidhmíocht an FSS maidir le seachadadh seirbhísí agus cur i bhfeidhm tionscnamh atá leagtha amach i bPlean Seirbhíse Náisiúnta bliantúil an FSS trí phróiseas bainistíochta feidhmíochta míosúil leanúnach a chur i bhfeidhm. Cuimsíodh leis sin cruinnithe míosúla ardleibhéil idir an lucht ardbhainistíochta sa dá eagraíocht chun saincheisteanna feidhmíochta atá ann cheana féin nó atá ag teacht chun cinn a phlé agus chun gníomhaíochtaí a chinneadh chun ábhair imní a réiteach agus a fheabhsú.
- I bhfianaise Bord nua an FSS a bheith ceaptha agus an ról cuntasachta atá aige don Aire, d'fhorbair an Roinn togra le haghaidh samhail athbhreithnithe maoirseachta feidhmíochta agus chuaigh sí i mbun na ceiste seo le Foireann Bainistíochta Sinsearaí FSS agus leis an mBord sa dara leath de 2019. Mhol an Roinn dearcadh níos leithne a ghlacadh i leith na feidhmíochta lena n-áireofaí:
    - Gníomhaíocht agus tionscnaimh a sheachadadh mar atá leagtha amach sa NSP le KPIanna atá glactha ar fud na gceithre réimse atá gach aon cheann díobh chomh tábhachtach leis na cinn eile:
        i. rochtain ar sheirbhísí,
        ii. cáilíocht na seirbhísí sin agus sábháilteacht na n-othar sna seirbhísí sin,
        iii. é seo a dhéanamh leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil agus
        iv. leas a bhaint as iarrachtaí an lucht saothair go héifeachtach.
    - Beartas agus straitéis a chur i bhfeidhm
    - Athchóiriú an chórais sláinte a chur i bhfeidhm i.e. Sláintecare.

  Cuireadh an tsamhail mhaoirseachta athbhreithnithe i bhfeidhm go hinmheánach laistigh den Roinn ó Dheireadh Fómhair 2019.

- D’fhógair an Taoiseach agus an tAire Sláinte go raibh an tUasal Paul Reid ceaptha ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Ceapadh an tUasal Reid le haghaidh tréimhse feidhme cúig bliana de bhun comórtais oscailte arna reáchtáil ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.
- Shínigh an tAire Sláinte ordú tosaithe feidhme Acht Feidhmiúcháin na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019 a bhunaigh Bord FSS go hoifigiúil, le héifeacht ón 28 Meitheamh 2019. Líonadh folúntais ar an mBord tar éis Phróiseas an Bhoird Stáit a bheith rite ag an Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí. I bhfianaise cé chomh mór is cé chomh casta is atá an tseirbhís sláinte, léirítear, sna daoine a cheaptar ann, raon d’inniúlachtaí éagsúla lena n-áirítear an rialachas corparáideach, an phleanáil straitéiseach agus bainistíocht airgeadais atá riachtanach chun a chur ar chumas an Bhoird FSS a rialú agus a threorú. Ina cháilíocht mar chomhlacht rialaithe de chuid an FSS, tá an Bord freagrach don Aire Sláinte as comhlíonadh a fheidhmeanna. Tá POF an FSS cuntasach don Bhord.
- Athcheapadh Cathaoirligh ar Bhoird Ghrúpaí na nOspidéal freisin; Tá RHAanna nua curtha in ionad an bheartais ar Ghrúpaí Ospidéal, lena n-áirítear an treoir straitéiseach.
- Bunaíodh Grúpa Maoirseachta na nOspidéal Roghnach in 2019.
- Rinne an Roinn Sláinte monatóireacht agus comhairle ar FSS maidir le seachadadh leanúnach an phacáiste tacaíochta CervicalCheck agus a leathnú chuig na cinn a sainaithníodh le citeolaíocht neamhréireach sa chohórt RCOG.
- D'éirigh leis an Roinn iarratas a dhéanamh ar Sheirbhís Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrtha Choimisiún an AE (SRSS) chun creat Measúnaithe Feidhmíochta Córais Sláinte a fhorbairt chun tacú le rannpháirtíocht fheabhsaithe feidhmíochta le FSS. Tá an tionscadal ríthábhachtach chun bogadh go creat bunaithe ar thorthaí níos intomhaiste agus inchainníochtaithe agus nasctha go láidir le cur i bhfeidhm beartais. Roghnaigh an SRSS Ollscoil Amstardam mar sholáthraí an tionscadail. 18 mí an tréimhse feidhme atá formheasta don tionscadal.
- Foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách chun ról eagraíochtaí deonacha i gcúram sláinte agus sóisialta a scrúdú i mí Feabhra. Rinne an Grúpa 24 moladh lena gcuimsítear réimsí mar rialachas eagraíochtaí deonacha; próisis idirphlé, rannpháirtíochta agus conartha idir an Stát agus an earnáil dheonach; éiteas, úinéireacht sócmhainní agus infheistíocht caipitil phoiblí, agus saincheisteanna níos leithne a bhaineann le forbairt an chórais sláinte.

**An Phleanáil um an Meascán den Soláthar Foirne agus Scileanna**

Tá an Roinn Sláinte tiomanta an meascán scileanna is fearr agus timpeallachtaí dearfacha oibre a chinntiú chun an fhoireann a mhealladh agus a choinneáil, agus ar an gcaoi sin cáilíocht na seirbhísí a sholáthraítear a chinntiú. Rinneadh an dul chun cinn seo a leanas in 2019.

- Bunaíodh Grúpa chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm samhla nua den mhíochaine sláinte poiblí de réir mar atá molta i dTuarascáil Crowe Horwath agus i dTuarascáil Scally araon. Tá sé mar aidhm ag an bpróiseas aghaidh a thabhairt ar cheist stádas sainchomhairleoirí do speisialtóirí sa Mhíochaine Sláinte Poiblí, de réir na moltaí atá sa dá Thuarascáil.
- Fógraíodh conradh Sláintecare nua do chomhairleoirí i mí na Nollag trína ndéanfar gach ceapachán lia comhairligh amach anseo ar an gconradh nua a éilíonn ar lianna comhairleacha atá fostaithe ag an Stát 100% dá gcuid ama a dhíriú ar an obair sa chóras poiblí amháin. Ní cheadófar an cleachtas príobháideach faoin gconradh nua seo agus tá sé seo lárnach don athchóiriú seo. Ní bhainfidh na socruithe conarthacha nua seo ach amháin le hiontrálaithe nua. Tabharfar an deis do chomhairleoirí atá ann cheana aistriú chuig an gconradh beartaithe nua ach coinneoidh siad an rogha fanacht ar an gconradh atá acu cheana.
- Seoladh an tuarascáil dheiridh ar an tSamhail um Chúram Feabhsaithe i mí Iúil agus tá sí deartha chun an bealach a sholáthraímid cúram feabhsaithe a athrú, torthaí othar a fheabhsú, caiteachas gníomhaireachta a laghdú agus sástacht poist a mhéadú d'fhoireann cúraim sláinte. Cruthaíodh í ag úsáid na fianaise agus an méid a bhí le foghlaim as an gCreat um Sholáthar Foirne Altraí Sábháilte agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Leighis agus Máinliachta Ginearálta agus Speisialtóra a chur i bhfeidhm.
- Aistríodh Céim I den Chreat um Sholáthar Foirne Altraí Sábháilte agus Meascán Scileanna chuig FSS lena chur i bhfeidhm; bunaíodh struchtúr rialachais chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus tá próiseas soláthair don TFC riachtanach curtha i gcrích. Foilsíodh an tríú tuarascáil tionchair. Bunaíodh suíomhanna píolótacha do Chéim II agus cuireadh tús le bailiú sonraí, agus fuarthas an chéad tuarascáil tionchair.
- I mí an Mheithimh, tugadh an córas bailithe sonraí don Bheartas maidir le Cleachtas Iarchéime agus Ardchleachtais Altranais agus Cnáimhseachais a thabhairt chun críche agus aistríodh é chuig FSS. Foilsíodh an beartas deiridh agus aistríodh é chuig FSS lena chur i bhfeidhm.

**r-Sláinte**

Is uirlis riachtanach í teicneolaíocht faisnéise chun seachadadh na seirbhíse sláinte a nuachóiriú agus chun an nasc atá riachtanach i measc úsáideoirí seirbhíse, gairmithe agus eagraíochtaí a chumasú chun cúram comhtháite a bhaint amach. Is tosaíocht don Roinn gníomhaíochtaí breise reachtaíochta agus infheistíocht a chur le r-Shláinte. I measc an dul chun cinn atá déanta in 2019, áirítear:

- Infheistíocht chaipitil mhéadaithe don TFC agus do r-Shláinte 2020 (suas ó € 85m go € 95m) daingnithe.
- Rolladh amach Náisiúnta an taifid leictreonaigh ar chúram na n-othar tugtha chun críche.
- Comhaontú Comhroinnte Sonraí leis an RGFCS déanta faoin Acht um Aitheantóirí Sláinte 2014.

**Áiseanna sláinte a nuachóiriú**

Teastaíonn saoráidí iomchuí chun tacú leis an seachadadh sláinte agus cúraim shóisialta ar fud na hearnála. Tá an Roinn Sláinte tiomanta do raon gníomhartha atá deartha chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí sláinte a uasmhéadú. Rinneadh na forbairtí seo a leanas in 2019:

- Mar chuid de Tionscadal Éireann 2040, fógraíodh go bhfuiltear chun €10.9 billiún maoinithe a chur ar fáil thar thréimhse deich mbliana chun bonneagar, trealamh agus acmhainn seirbhíse breise a fhorbairt d'earnáil na sláinte poiblí, chun tacú le cur i bhfeidhm Sláintecare. Tá an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag obair i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun an Rianaithe Caipitil náisiúnta a chothabháil, a liostaíonn raon tionscadal agus clár atá le seachadadh faoi Thionscadal 2040.
- Foilsíodh Plean Caipitil FSS 2019 - 2021 i mí Mheán Fómhair tar éis cead a fháil ó Bhord nua Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus ón Aire Sláinte, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Foráiltear leis an bPlean Caipitil seo go mbeidh díreach os cionn €2 billiún caite ar na céadta tionscadal caipitil sláinte ó 2019 go 2021. Chuir an soláthar maoinithe caipitil seo ar chumas FSS dul chun cinn a phleanáil agus a mhaoiniú i leith na dtionscadal atá ar bun agus tionscadail bhreise luacháilte agus tosaíochta a chur chun cinn lena n-áirítear cláir tosaíochta Rialtais agus mórthionscadail chaipitil.
- Infheistíocht: Críochnaíodh roinnt mórthionscadal caipitil in 2019 lena n-áirítear:
    - Tionscadal oinceolaíochta radaíochta Ospidéal Ollscoile Chorcaí.
    - Tionscadal raideolaíochta Ospidéal Leitir Ceanainn.
    - Bloc bharda 40-leaba ag Ospidéal Thiobraid Árann Theas.

  - Aonaid altranais pobail ag Tigh Mohtáin Thuaidh (100 leaba) agus ag Mullach na Pise (100 leaba).
  - Tá ceithre ionad cúraim phríomhúil nua ar críochnaíodh agus osclaíodh iad in 2019, agus Ionad Chnoc an tSamhraidh i mBaile Átha Cliath ina measc.
- Leanadh ar aghaidh leis an obair forbraíochta ar phríomhthionscadail sláinte le linn 2019, agus tá roinnt díobh atá le bheith tugtha chun críche in 2020, agus ina measc:
  - Ospidéal na Seirbhíse Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí, Port Reachrann.
  - Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Dún Laoghaire.
  - Ospidéal Ollscoile Thamhlachta - Tionscadal Scagdhealaithe Duán.
  - Ospidéal na hOllscoile, Luimneach - Bloc Barda 60-leaba.
  - Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge - Bloc Barda & an Cúram Maolaitheach.
  - Aonad Altranais Pobail Phort Láirge (100 leaba).

**Ról an árachais shláinte príobháidí**

De réir bheartas an Rialtais, féachann an Roinn Sláinte le margadh árachais sláinte príobháidí deonaigh inbhuanaithe a chur chun cinn atá rátaithe ag an bpobal. I measc an dul chun cinn atá déanta in 2019, áirítear:

- Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách chun an ghníomhaíocht phríobháideach in ospidéil phoiblí a scrúdú agus rinneadh cinneadh Rialtais i leith phríomh-mholtaí de Buitléir.

**Costais na Cógaisíochta**

Tá an Roinn Sláinte tiomanta dó go gcuirfear roinnt tionscnamh chun cinn lena gcinnteofar an soláthar cógais go costéifeachtach. I measc an dul chun cinn atá déanta in 2019, áirítear:

- D’éirigh le tosach feidhme na Treorach maidir le Cógais fhalsaithe.
- Críochnaíodh an t-athbhreithniú seachtrach ar phróiseas Aisíocaíochta Drugaí an FSS.
- Rinneadh an gealltanas atá tugtha do Beneluxa agus don chomhar idirnáisiúnta a neartú nuair a chláraigh Éire leis an tionscnamh comhroinnte Scanadh Horizon Idirnáisiúnta.

# Cuspóir Straitéiseach 5: Roinn ardfheidhmíochta a fhorbairt chun treoir a thabhairt don earnáil sláinte agus d'earnáil an chúraim shóisialta, agus maoirseacht a dhéanamh orthu

In 2019, lean an Roinn Sláinte ar aghaidh dá forbairt le bheith ina roinn ardfheidhmíochta chun an earnáil sláinte agus cúraim shóisialta a threorú agus a mhaoirsiú. Tá breac-chuntas ar na héachtaí a rinneadh in 2019 curtha síos faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Inniúlachtaí maoirsithe straitéiseacha neartaithe.
- An ceapadh beartais agus reachtaíocht fheabhsaithe atá bunaithe ar an fhianaise agus ar an taighde.
- Acmhainní agus pleanáil straitéiseach um an fhórsa saothair don todhchaí.
- Tacaíochtaí feabhsaithe chun cabhrú leis an bhfoireann ról agus feidhmeanna na Roinne a chomhlíonadh.

**<u>Inniúlachtaí maoirsithe straitéiseacha neartaithe</u>**

Tá an Roinn Sláinte tiomanta dó na próisis rialachais, pleanála gnó agus bainistíochta riosca atá againn a neartú. I measc an dul chun cinn atá déanta in 2019, áirítear:

- Thacaigh Creat Bainistíochta Riosca na Roinne leis an gcomhlíonadh le Treoir Bainistíochta Riosca na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an rialachas, le struchtúir, leis an mbainistíocht agus leis an tuairisciú rioscaí ar leibhéal straitéiseach agus oibríochtúil araon.
- Chomhordaigh Oifig Bainistíochta Cláir na Roinne pleanáil ghnó agus bainistíocht tionscadail.
- Chríochnaigh an Roinn ionchur sa Ghrúpa Athbhreithnithe um Nochtadh Cosanta sular aistríodh an fheidhm. D'fhorbair agus sheachaid an Roinn oiliúint inmheánach ar Nochtadh Cosanta.

**<u>An ceapadh beartais agus reachtaíocht fheabhsaithe atá bunaithe ar an fhianaise agus ar an taighde.</u>**

Tá an Roinn ag neartú an acmhainneacht atá aici i roinnt réimsí éagsúla, lena n-áirítear an ceapadh beartas, an fhorbairt straitéiseach, an taighde agus an anailísíocht, an mhaoirseacht straitéiseach agus an rialachas, chomh maith leis an mbainistíocht tionscadail. I measc an dul chun cinn atá déanta in 2019, áirítear:

- Tionóladh cruinnithe rialta den Choiste Beartais i rith 2019, inar cuireadh beartais na Roinne Sláinte i láthair ag céim an tionscnaimh agus ag an gcéim forbartha chomh maith. Tionóladh deich gcruinniú san iomlán in 2019. Bhí 13 bheartas curtha i láthair ag deich n-aonad ó chúig Rannán.
- D'oibrigh an tAonad Seirbhísí Taighde le haonaid ar fud na Roinne chun taighde agus meastóireacht láidir ar ardchaighdeán a dhéanamh nó a choimisiúnú lena chinntiú go raibh an fhianaise curtha i gcroílár na cinnteoireachta ar fud na Roinne.

**Acmhainní agus Pleanáil Straitéiseach um an Fhórsa Saothair don Todhchaí.**

Ar mhaithe le Roinn ardfheidhmíochta a fhorbairt chun an earnáil sláinte agus cúraim shóisialta a threorú agus a mhaoirsiú, tá an Roinn tiomanta dó go ndéanfar cinnte de go nglactar leis an bpleanáil straitéiseach fórsa saothair a lena gcomhlíonfar na riachtanais a bheidh de dhíth amach anseo ó thaobh acmhainní agus scileanna de. I measc an dul chun cinn atá déanta in 2019, áirítear:

- Amhail deireadh 2019, bhí 521 ball foirne (WTE) fostaithe sa Roinn. Le linn 2019, tháinig 108 ball foirne nua isteach sa Roinn agus d'imigh 66 duine, den chuid is mó mar gheall ar an scor, chun post eile a fháil nó chun glacadh le sos gairme.
- Cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Eagraíochta arna mhaoirsiú ag fochoiste Forbartha Eagraíochta an Bhoird Bainistíochta. Tá ionadaíocht thar ceann fostaithe ar gach uile ghrád sa Roinn ar an bhfochoiste seo.
- Reáchtáladh 1,827.5 lá oiliúna thar gach grád, lena gcumhdaíodh 115 clár agus cúrsa.
- Fostaíodh sainchomhairleoirí chun tacaíocht a thabhairt chun an bhainistíocht riosca a dhaingniú sa Roinn, lena n-áirítear athbhreithniú ar an gcreat bainistíochta riosca agus ar mholtaí agus pleananna feidhmithe a bhí ann cheana.
- Fostaíodh sainchomhairleoirí chun cabhrú le roghanna agus moltaí a fhorbairt faoi struchtúr eagrúcháin na Roinne amach anseo d'fhonn struchtúr bainistíochta ardleibhéil na Roinne a ailíniú leis na acmhainní, ualaí oibre agus tosaíochtaí atá ann.
- D'fhorbair an Rannóg Acmhainní Daonna uaireanta tosaithe agus críochnaithe solúbtha do ghráid neamh-sholúbtha; cur chun cinn comhroinnte oibre; agus tacaíochtaí gníomhaíochta agus folláine lena n-áirítear scor ón gcaitheamh tobac.

**Tacaíochtaí feabhsaithe chun cabhrú leis an bhfoireann ról agus feidhmeanna na Roinne a chomhlíonadh**


Tá an Roinn Sláinte tiomanta don acmhainn foirne a bharrfheabhsú chun a róil a chomhlíonadh trí dheiseanna foghlama, chomh maith leis an fhorbairt scileanna agus an tacaíocht san obair chomhoibritheach. I measc an dul chun cinn atá déanta in 2019, áirítear:

- Dréachtaíodh Straitéis Cumarsáide 2029-2023 i gcomhar le chéile idir an lucht bainistíochta, an fhoireann, páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne. Chuaigh suíomh gréasáin na Roinne Sláinte beo ar gov.ie agus tá láithreacht sna meáin shóisialta á chothú don Roinn, agus seoladh cuntais Facebook agus Instagram dá cuid. Faoi dheireadh 2019, bhí 22,700 leantóir ar chuntas Twitter na Roinne.
- Mar gheall ar straitéis dhigiteach na Roinne, tá an t-ábhar feicthe ag slua mór daoine.
- Rinneadh Ráiteas Sábháilteachta na Roinne Sláinte a nuashonrú agus a fhoilsiú.
- D'fhorbair Rannóg an tSoláthair Inmheánaigh Clár Conartha.
- Chuir an Roinn treoir agus tacaíocht ar fáil d'aonaid chun a chinntiú go gcomhlíontar an próiseas ceapacháin de réir an Chóid Chleachtais Chun Comhlachtaí Stáit agus Boird Stáit a Rialú, lena n-áirítear seisiún faisnéise don Fhoireann go léir. Bhí na gníomhaireachtaí go léir ag comhlíonadh in 2019.
- Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Feabhsaíonn an rialachán seo ón AE cearta príobháideachta an duine aonair agus cuireann sé oibleagáidí suntasacha breise ar gach uile eagraíocht a phróiseálann sonraí. Tá an tAonad um Chosaint Sonraí sa Roinn Sláinte faoi stiúir an Oifigigh um Chosaint Sonraí (DPO). Tá ról an DPO sainmhínithe sa reachtaíocht agus is éard atá ann ná faisnéis agus comhairle a sholáthar maidir leis an reachtaíocht um chosaint sonraí, agus an feasacht a ardú, oiliúint a chur ar bhaill foirne, iniúchtaí a dhéanamh agus a bheith mar theagmhálaí d'ábhair sonraí agus don Choimisiún um Chosaint Sonraí.
- Críochnaíodh tionscadal tacaíochta comhairliúcháin sheachtraigh maidir le comhlíonadh RGCS in Aibreán 2019, lena n-áirítear anailís bearna, forbairt straitéise comhlíonta agus oiliúint ar an gcosaint sonraí.
- Rinneadh an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála (ROPA) a athbhreithniú agus a nuashonrú in 2019. Is riachtanas de chuid an RGCS an ROPA, agus sonraítear ann an chaoi a bpróiseálann gach aonad sonraí pearsanta.

- D’fhorbair an tAonad Cosanta Sonraí acmhainní nua chun cabhrú le baill foirne agus rinne an Bord Bainistíochta iad a fhormheas in 2019. Cuireadh na beartais agus na nósanna imeachta seo ar fáil don fhoireann uile ar inlíon na Roinne agus áiríodh leo forbairt agus seachadadh cúrsa oiliúna RGCS r-Fhoghlama do gach ball foirne sa Roinn in 2019. Tá an oiliúint éigeantach agus tá rochtain leanúnach ag baill foirne nua.

# Aguisín 1 Faisnéis Chorparáideach

Bord Bainistíochta na Roinne Sláinte 2019



## Próifíl Chorparáideach


Amhail deireadh mhí na Nollag 2019, bhí 521 ball foirne coibhéise lánaimseartha (WTE) ag obair sa Roinn Sláinte. Chomh maith le tacaíocht a thabhairt don Aire Sláinte, Simon Harris T.D., thacaigh foireann na Roinne leis na hAirí Stáit Finian McGrath T.D., Catherine Byrne T.D., agus Jim Daly T.D.

Tá an Roinn Sláinte freagrach as 139 ceann (18%) de na 776 gealltanas atá tugtha sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta a bheith curtha i bhfeidhm.

Rinne an Roinn bainistíocht ar ollbhuiséad ar bhreis is €17.49bn in 2019, agus soláthraíodh €383m de sin mar mheastachán forlíontach. Is ionann na leithreasaí i gcabhair buiséadaithe sa bhliain agus €0.46bn, agus fágann sé sin gurbh ionann an glanbhuiséad agus €17.03bn.

Is ionann an caiteachas comhlán sa bhliain ná €17.459bn agus €464m a bhí ann mar leithreasaí i gcabhair. Fágann sé sin gurbh ionann an glanchaiteachas agus €16.995m

B'ionann an t-ollchaiteachas a thabhaigh an Roinn Sláinte sa bhliain agus 20% de chaiteachas iomlán an rialtais ghinearálta sa bhliain. B'ionann an glanchaiteachas agus 26% de shaincheisteanna státchiste an rialtais láir i rith na bliana. Is éard a bhí i gceist le € 17.15bn d'ollchaiteachas sa bhliain eisíocaíochtaí chuig FSS, € 184m le gníomhaireachtaí eile agus thabhaigh an Roinn € 125m.




| Neamhphá | Pá | Pinsean | Caipiteal |
|---|---|---|---|
| 8,165,665 | 8,066,356 | 537,828 | 689,405 |

D'fhreagair an Roinn Sláinte breis agus an ceathrú cuid (26.2%) de na Ceisteanna Parlaiminteacha go léir a cuireadh in 2019. Ritheadh 47,157 Ceisteanna Parlaiminte san iomlán tríd an Oireachtas agus phróiseáil an Roinn Sláinte 12,355 de na ceisteanna seo

**Léargas Gasta ar na Freagraí Parlaiminte in 2019**

| | |
|---|---|
| **Ceisteanna Parlaiminte (nár aistarraingeadh / dícheadadh iad)** | **12,355** |
| **Ar tharcuireadh don FSS iad le haghaidh Freagra Díreach** | 8,215 |
| **Nótaí ullmhaithe le haghaidh Ceisteanna don Taoiseach** | **590** |
| **Aighneachtaí a Fuarthas** | **6,877** |
| **Ceisteanna Tráthúla Ullmhaithe** | 516 |
| **Ceisteanna Tráthúla Roghnaithe** | **140** |
| **Tosach an tSeanaid Ullmhaithe** | 168 |
| **Tosach an tSeanaid Roghnaithe** | **49** |

Rinne an Roinn 582 iarratas um Shaoráil Faisnéise a phróiseáil in 2019, agus 407 ceann acu a tháinig ó na meáin.

**Íocaíocht Pras**

Seo a leanas anailís ar oibleagáidí Íocaíochtaí Pras na Roinne le linn 2019:

| Mionsonraí | Líon | Luach (€) | Céatadán (%) de líon iomlán na n-íocaíochtaí arna n-íoc |
|---|---|---|---|
| Líon na n-íocaíochtaí déanta laistigh de 15 lá | 3,084 | 19,170,024.30 | 95.2% |
| Líon na n-íocaíochtaí déanta idir 16 lá agus 30 lá | 295 | 940,314.89 | 4.7% |
| Líon na n-íocaíochtaí déanta tar éis 30 lá | 48 | 27,486.01 | 0.1% |
| Iomlán na n-íocaíochtaí déanta in 2019 | 3,427 | 20,137,825.20 | |

Is ionann an méid cúitimh agus úis íocaíochta pras iomlán a d'íoc an Roinn in 2019 agus €2,551.24, méid a chuimsigh €361.24 in íocaíochtaí úis agus €2,190.00 in íocaíochtaí cúitimh.

**An tÍdiú Fuinnimh in 2019**

Lean an Roinn ag obair go dlúth le hÚdarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI) chun spriocanna a bhaint amach i ndáil le laghdú san ídiú fuinnimh ina Ceanncheathrú ag Miesian Plaza. Cuimsíonn an foirgneamh an-chasta seo raon leathan teicneolaíochtaí agus bearta atá tíosach ar fhuinneamh chun lorg fuinnimh an áitribh atá mar chuid de shaoráid chomhroinnte níos leithne a íoslaghdú, ina bhfuil trí fhoirgneamh, ceithre roinn rialtais agus dhá chuideachta earnáil-phríobháideacha.

I measc na dteicneolaíochtaí a úsáidtear chun an sprioc fuinnimh beacht seo a bhaint amach, tá aonaid gaothrán agus corna ísealfhuinnimh, córais fuaraithe aerchóirithe ardéifeachtúlachta lena n-áirítear córas teirmeastórála agus córais aerála ísealfhuinnimh. Ó thaobh an chomhshaoil de, áirítear leis na buntáistí a bhaineann le dearadh an fhoirgnimh:

- Astaíochtaí / truailleáin dochair don chomhshaol laghdaithe
- Fuinneamh athghinte le haghaidh an téimh a chaillfí trí sceite dramhaíola
- Uisce athghinte lena athúsáid
- An t-ídiú leictreachais íoslaghdaithe mar gheall ar daingneáin agus rialuithe soilsithe atá tíosach ar fhuinneamh

In 2019, bhunaigh an Roinn an “Fhoireann Ghlas” dá Ceanncheathrú a shannann freagracht as feasacht ar an gcomhshaol ar bhonn an urláir sa bhfoirgneamh agus a shainmhíníonn agus a chuireann tionscnaimh straitéise glasa i bhfeidhm ar fud an fhoirgnimh.

I measc cuid de na tionscnaimh a bhí ann, bhí feachtais póstaeir le haghaidh laethanta “múchta cumhachta” agus laethanta “fuaraithe” agus leanadh leis an mbeartas “Gan Bosca Bruscair a Bheith ag an Deasc” chun an t-athchúrsáil a spreagadh. Tá treoirlínte soláthair glasa sainithe ag na Seirbhísí Corparáideacha freisin lena mbreithniú ag daoine a bhfuil baint acu leis an gceannach don Roinn agus thar a ceann.

# Aguisín 2 Gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne

**Comhlachtaí Stáit Neamhthráchtála**

An Chomhairle Fiaclóireachta

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia - Bia Sábháilte

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

An tÚdarás Árachas Sláinte

An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte

An Bord Taighde Sláinte

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU)

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

Comhairle na nDochtúirí Leighis

An Coimisiún Meabhair-Shláinte

Bord na Clárlainne Náisiúnta Ailse

Bord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Péidiatraicigh

An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóir Leighis

Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann

Cumann Cógaiseoirí na hÉireann

An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéil

**Comhlachtaí Stáit Tráchtála**

Árachas Sláinte Saorálach (VHI)

# Aguisín 3 An Reachtaíocht

Tá an reachtaíocht uile a ullmhaíodh le linn 2019 ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag https://health.gov.ie/publications-research/legislation/

**Billí foilsithe**

Foilsíodh 5 Bhille in 2019:

1. An Bille um Ghairmithe Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú) 2019
2. An Bille um Bhinse um CervicalCheck 2019
3. An Bille um Shláinte agus Tacaíocht Cúraim Leanaí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2019
4. An Bille um Árachas Sláinte (Leasú) 2019
5. An Bille um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Sábháilteachta Othair Infhógartha), 2019

**An Reachtaíocht arna hAchtú**

Achtaíodh 5 Acht le linn 2019:

1. An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Leasú), 2019
2. An tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019
3. An tAcht um Bhinse um CervicalCheck 2019
4. An tAcht um Shláinte agus Tacaíocht Cúraim Leanaí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2019
5. An tAcht um Árachas Sláinte (Leasú) 2019

**Ionstraimí Reachtúla**

Rinne an Roinn 50 Ionstraim Reachtúil a ullmhú agus a phróiseáil le linn 2019:

1. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialuithe Oifigiúla ar Allmhairiú Bia nach de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú), 2019
2. Na Rialacháin fán Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 (Alt 28a) (Bord Clárúcháin Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí) 2019
3. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceanglais maidir le hInrianaitheacht Fíochán agus Ceall Daonna, Droch-Imoibrithe agus Teagmhaisí Tromaí a Fhógairt agus Ceanglais Teicniúla Áirithe) (Leasú) 2019
4. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáilíocht agus Sábháilteacht Fíochán agus Ceall Daonna) (Leasú) 2019
5. Na Rialacháin um Tháirgí Íocshláinte (Gnéithe Sábháilteachta ar Phacáistíocht) 2019
6. Na Rialacháin um Sheirbhísí Sláinte (Leasú) 2019
7. Cuntas Ciste na Scéime Aisíocaíochta Sláinte (Síntiúis)
8. Cuntas Speisialta le haghaidh an Achta Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006
9. Cuntais Maoine Príobháideacha Othair Chomhdhlúite don Bhliain Dar Críoch Nollaig 2017
10. Na Rialacháin Sláinte (Ranníocaí Cothabhála agus Cóiríochta i leith Seirbhísí Tacaíochta Cónaithe) (Leasú), 2019
11. Na Rialacháin fán Acht um Chosaint Sonraí 2018 (Alt 36 (2)) (Taighde Sláinte) (Leasú) 2019
12. Na Rialacháin um Tháirgí Íocshláinte (Dáileadh Mórdhíola a Rialú) (Leasú) 2019
13. Na Rialacháin um Tháirgí Íocshláinte (Cur ar an Margadh a Rialú) (Leasú) 2019
14. Na Rialacháin um Tháirgí Íocshláinte (Déantúsaíocht a Rialú) (Leasú), 2019
15. Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Breiseáin Bia) (Leasú) 2019

16. Na Rialacháin um Mí-Úsáid Drugaí (Forordú agus Rialú Soláthar Cannabais le haghaidh Feidhm Leighis) 2019
17. An tOrdú um Mí-Úsáid Drugaí (Ainmniú) (Leasú) 2019
18. Na Rialacháin um Mí-Úsáid Drugaí (Leasú), 2019
19. An tOrdú um an Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019 (Tosach Feidhme), 2019
20. Na Rialacháin fán Acht um Pá agus Pinsean Seirbhíse Poiblí 2017 (Íocaíochtaí i leith Seirbhísí Áirithe faoin Acht Sláinte, 1970), 2019
21. An tOrdú um an Achta um Árachas Sláinte (Leasú) 2018 (Tosach Feidhme) 2019
22. Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bunchaighdeáin Sábháilteachta maidir le Cosaint i gcoinne Contúirtí a eascraíonn as an Neamhchosaint Míochaine ar an Radaíocht ianaithe) (Leasú) 2019
23. Rialacháin an Aontais Eorpaigh(Coinníollacha Speisialta lena Rialaítear Allmhairiú Bia Áirithe ó Thríú Tíortha Áirithe de Bharr Phriacal an Éillithe ó Aflatocsainí) (Leasú), 2019
24. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialuithe Oifigiúla ar Allmhairiú Bia nach de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú) (Uimh. 2), 2019
25. Ráiteas Straitéise Chomhairle na nDochtúirí Leighis 2019 - 2023
26. An tOrdú um Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainistíochta an Chisteáin (Feidhmeanna a Tharmligean) (Leasú), 2019
27. An tOrdú um Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainistíochta Cisteáin (Tarmligean Éilimh ar Fheidhmeanna Bainistíochta Costais) (Leasú) 2019
28. An tOrdú faoin Acht Sláinte 2004 (Alt 40h) (An Lá Iomchuí), 2019
29. Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bunchaighdeáin Sábháilteachta maidir le Cosaint i gcoinne Contúirtí a eascraíonn as an Neamhchosaint Míochaine ar an Radaíocht ianaithe) (Leasú) (Uimh. 2), 2019
30. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialuithe Oifigiúla ar Allmhairiú Bia nach de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú) (Uimh. 3), 2019
31. Na Rialacháin fán Acht Sláinte, 1970 (Alt 45A (7)) (Aicmí Íocaíochtaí), 2019
32. Na Rialacháin fán Acht Sláinte, 1970 (Alt 58A (8)) (Aicmí Íocaíochtaí), 2019
33. Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Maidir le Bia a Cheaptar lena Úsáid mar Bhia do Naíonáin agus do Leanaí Óga, maidir le Bia Chun Críocha Speisialta Míochaine, agus maidir le hIonadach ar an Aiste Bia Iomlán Chun Meáchan a Rialú) 2019
34. Na Rialacháin fán Acht um Árachas Sláinte, 1994 (Alt 11E (3)) (Uimh. 3), 2019
35. Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis
36. Na Rialacháin Sláinte Poiblí (Alcól) (Fógra Íocaíochta Seasta) 2019
37. Na Rialacháin fán Acht um Árachas Sláinte 1994 (Alt 11E (3)) (Uimh. 3) (Leasú) 2019
38. Na Rialacháin um Ghalair Thógálacha (Bearta Coisctheacha) (HIV PrEP), 2019
39. An tOrdú um an Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015 (Codanna 2 Agus 3) (Tosach Feidhme), 2019
40. An tOrdú um an Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2018 (Tosach Feidhme), 2019
41. An tOrdú um an Acht um Chlárú Sibhialta 2019 (Alt 13) (Tosach Feidhme), 2019
42. Na Rialacháin fán Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh 2015 (Dearbhú Toilithe le hÚsáid) 2019
43. Na Rialacháin fán Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh 2015 (Toiliú le Dearbhú Tuismitheora) 2019
44. Na Rialacháin fán Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh 2015 (Deimhniú) 2019

45. Rialacháin um Mí-Úsáid Drugaí (Forordú agus Rialú Soláthar Cannabais le haghaidh Úsáid Leighis) (Leasú) 2019
46. Na Rialacháin fán Acht um Pá agus Pinsean Seirbhíse Poiblí 2017 (Íocaíochtaí le Conraitheoirí Cógaisíochta Pobail), 2019
47. Rialacháin um Mí-Úsáid Drugaí (Forordú agus Rialú Soláthar Cannabais le haghaidh Úsáid Leighis) (Leasú) 2019
48. Na Rialacháin fán Acht um Pá agus Pinsean Seirbhíse Poiblí 2017 (Alt 42) (Íocaíochtaí le Dochtúirí Teaghlaigh) 2019
49. Na Rialacháin Sláinte (Táillí d'Othair Sheachtracha) 2019
**50.** Rialacháin an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte (Táillí) 2019

# Aguisín 4 Foilseacháin na Roinne Sláinte

In 2019, chuir an Roinn 67 foilseachán le chéile agus tá gach aon cheann díobh ar fáil le híoslódáil ar ár suíomh gréasáin ag https://health.gov.ie/publications-research/publications/.

1. Scálaí Pá Comhdhlúite na Roinne Sláinte le héifeacht ón 1 Eanáir 2019
2. An Clár Náisiúnta um Shláinte Bhan agus Naíonán: Tuarascáil Bhliantúil 2017
3. Tuarascáil One Health ar Úsáid Frithmhiocróbach agus ar an bhFrithsheasamhacht in aghaidh Ábhar Fhrithmhiocróbach
4. Tuarascáil Náisiúnta ar Chur i bhFeidhm na Straitéise Ailse 2018
5. Roghanna Tithíochta le haghaidh ár Ráiteas Beartais maidir le Daoine ag Dul in Aois
6. Prevalence of Drug Use and Gambling Survey: Gambling Results
7. Grúpa Athbhreithnithe Neamhspleách chun ról na nEagraíochtaí Deonacha a Scrúdú
8. Tuarascáil Eatramhach an Ghrúpa Saineolaithe ar bhainistíocht éileamh faillí cliniciúil
9. Plean Gníomhaíochta Sláintecare 2019
10. Scálaí Pá Comhdhlúite an 1 Aibreán 2019 agus Ciorclán na Roinne Sláinte 6/2019
11. Athbhreithniú ar Bheartas na Roinne Sláinte ar Sheirbhís an Aonaid Náisiúnta um Chóireáil Ionsaithe Gnéis (SATU)
12. Ceathrú Tuarascáil Eatramhach Choimisiún Imscrúdaithe Farrelly
13. Smile agus Sláinte – An Beartas maidir leis an tSláinte Bhéil
14. Éire na Sláinte: Ghlac Páirt Ann
15. Éire na Sláinte: Pirimid an Bhia
16. Éire na Sláinte: Creat Éire na Sláinte 2019-2025
17. Éire na Sláinte: Ionaid Oibre Sláintiúla
18. Éire na Sláinte: Creat torthaí Éire na Sláinte
19. Éire na Sláinte:  Suirbhé Éire na Sláinte, 2018.
20. Tuarascáil na Roinne Sláinte ar Leapacha Saora Feabhra 2019
21. Tuarascáil ar an Athbhreithniú Neamhspleách Saineolaithe ar Urscaoilte Moillithe
22. Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn um Ionaid Chúraim Phríomhúil
23. Tuarascáil ar an bPlean Gníomhaíochta Sláintecare - Míreanna Inseachadta R1
24. Clár Iniúchóireachta Speisialta 2018 an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóir Leighis
25. Plean Náisiúnta um Chosc ar Ailse Craicinn 2019 - 2022
26. An Straitéis Náisiúnta don Néaltrú
27. An Cúigiú Tuarascáil Eatramhach ó Choimisiún Imscrúdaithe Farrelly
28. Éire na Sláinte: Treochtaí príomhúla 2018
29. Táscairí den Aosú Dearfach 2018
30. Fiosrúchán Scóipe ar an gClár Scagthástála CervicalCheck: Tuarascáil Fhorlíontach
31. Athbhreithniú Straitéiseach ar an Oiliúint Leighis agus Struchtúr Gairme: An Naoú Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn
32. An Cúigiú Tuarascáil Bhliantúil ar an Acht um Chosaint na Beatha le linn Toirchis, 2013
33. Cosaint Daoine Lánaosta
34. Plean Náisiúnta don Chéimiú-síos chun Fáil Réidh le Malgam faoi 2030
35. Tuarascáil na Roinne Sláinte ar Leapacha Saora Aibreán 2019

36. An Roinn Sláinte (2019). Diagnóisiú, Céimniú agus Cóireáil Othair a bhfuil Ailse Éasafagais nó Ailse Acomhail Éasafagais orthu (Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta NCEC, Uimh. 19)
37. An Roinn Sláinte (2019). Diagnóisiú agus céimniú othair a bhfuil ailse ubhagáin orthu (Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta NCEC, Uimh. 20)
38. An Roinn Sláinte (2019). Forordú iomchuí ar an gcógas síceatrópach a ordú le haghaidh comharthaí neamh-chognaíoch i ndaoine le néaltrú (Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta NCEC, Uimh. 21)
39. Beartas ar Fhorbairt an Chleachtais Altranais agus Cnáimhseachais Iarchéime agus Ardleibhéil.
40. Tuarascáil Deiridh ar an tSamhail um Chúram Feabhsaithe
41. I dTreo Shamail den Chúram Comhtháite Duine-Lárnaithe: Torthaí ón gComhairliúchán Poiblí ar Ailíniú Geografach Grúpaí Ospidéal agus Eagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail
42. Tuarascáil Lár-Bliana Sláintecare 2019
43. Tuarascáil Bhliantúil Éire Saor ón Tobac 2018
44. Sláintecare a Chur ar Fáil
45. Sláintecare i mBun Feidhme
46. An Díobháil a Laghdú agus an Téarnamh a Thacú 2017-2025
47. An Grúpa Oibre Chun Cur Chuige Malartach a Bhreith maidir le Seilbh Drugaí le haghaidh Úsáide Pearsanta
48. 1 Meán Fómhair 2019 Scálaí Pá Comhdhlúite agus Ciorclán ón Roinn Sláinte 10/2019
49. Tuarascáil na Roinne Sláinte ar Leapacha Saora Bhealtaine 2019
50. Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách ar bunaíodh é chun scrúdú a dhéanamh ar an gcleachtas príobháideach in ospidéil phoiblí
51. Tuarascáil na Roinne Sláinte ar Leapacha Saora Mheitheamh 2019
52. Tuarascáil na Roinne Sláinte ar Leapacha Saora do mhí Iúil 2019
53. Tuarascáil Bhliantúil na Roinne Sláinte, 2018
54. An Tríú Tuarascáil Eatramhach ó Choimisiún Imscrúdaithe Farrelly
55. Tuarascáil na Roinne Sláinte ar Leapacha Saora do mhí Lúnasa 2019
56. An Tuarascáil Bhliantúil um an Nochtadh Cosanta 2018
57. Tuarascáil na Roinne Sláinte ar Leapacha Saora do Mheán Fómhair 2019
58. Téarmaí Tagartha na Scéime ex-gratia neamh-nochtaithe um CervicalCheck
59. Athbhreithniú an Phainéil Saineolaithe ar na scagthástála ceirbheacs
60. Moltaí maidir leis an gCosaint roimh Dhíothachta na Saoirse: Tuarascáil ar an gComhairliúchán Poiblí
61. An Séú Tuarascáil Eatramhach ó Choimisiún Imscrúdaithe Farrelly
62. Scálaí Pá Comhdhlúite an 1 Eanáir 2020
63. Tuarascáil na Roinne Sláinte ar Leapacha Saora do Dheireadh Fómhair 2019
64. An Clár Náisiúnta um Shláinte Bhan agus Naíonán: Tuarascáil Bhliantúil 2018
65. Tuarascáil don Aire Sláinte ar Mheastóireacht agus Anailís ar Thuairisceáin don tréimhse an 1 Iúil 2018 go dtí an 30 Meitheamh 2019 lena n-áirítear comhairle maidir le Creidmheasanna Comhionannaithe Riosca
66. Tuarascáil ón nGrúpa Oibre Idir-Rannach ar bunaíodh é chun scrúdú a dhéanamh ar na moltaí sláinte agus folláine atá le fáil sa Chéad Tuarascáil den Fhóram Comhoibritheach
67. An tSláinte in Éirinn - Príomhthreochtaí 2019